**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An ionann srianta cainníochtúla ar allmhairiú nó bearta comhéifeachtacha, de réir bhrí Airteagal 34 CFAE, agus na srianta cainníochtúla ar scaoileadh chun tomhailte a mbunaítear le hAirteagal 106 den Código dos Impostos Especiais do Consumo (an Cód um Dhleachtanna Máil; CIEC), sa chaoi go meastar go ndéanann na heintitis, le linn tréimhse ceithre mhí dheireanach de gach bliain, margaíocht ar chainníochtaí de thoitíní nach sáraíonn an mheánchainníocht mhíosúil de thoitíní a scaoileadh lena dtomhailt le linn an dá mhí dhéag roimhe sin?

2. An bhfuil sé in aghaidh na rialacha maidir le hinmhuirearacht na ndleachtanna máil, arna dtabhairt isteach le hAirteagail 7 agus 9 de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle ([1]) an 16 Nollaig 2008, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar dháta thíolacadh an dearbhaithe leachtaithe a ghearradh ar chainníochtaí na dtoitíní a sháraíonn an teorainn chainníochtúil ar scaoileadh lena dtomhailt dá bhforáiltear in Airteagal 106, mír 2 de CIEC, i gcomhréir le mír 7 den Airteagal céanna?

([1]) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil, agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO 2009, L 9, lch. 12).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Paris (an Fhrainc) a taisceadh an 14 Feabhra 2022 – Eurelec Trading SCRL v Ministre de l'Économie et des Finances, Scabel SA, Groupement d'Achat des Centres Édouard Leclerc (GALEC), Association des Centres distributeurs Édouard Leclerc (ACDLEC)**

**(Cás C-98/22)**

(2022/C 198/36)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Paris

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Eurelec Trading SCRL

*Cosantóirí:* Ministre de l'Économie et des Finances, Scabel SA, Groupement d'Achat des Centres Édouard Leclerc (GALEC), Association des Centres distributeurs Édouard Leclerc (ACDLEC)

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear ábhair "shibhialta agus tráchtála" mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála ([1]) a léirmhíniú sa chaoi go n-áirítear caingean den chineál seo a leanas i raon feidhme an Rialacháin – mar aon leis an mbreith bhreithiúnach a dtabharfaí ag deireadh na n-imeachtaí – (i) arna tionscnamh ag Aire Geilleagair agus Airgeadais na Fraince de bhun Airteagal L 442-6, I, 2º (aisghairthe) den Code de commerce français (Cód Tráchtála na Fraince) i gcoinne cuideachta Bheilgeach, (ii) lena lorgaítear dearbhú go bhfuil cleachtais shriantacha ann, ordú go gcuirfear deireadh leo agus ordú go n-íocfadh an té a líomhnaítear a rinne na cleachtais sin fíneáil shibhialta, (iii) ar bhonn na fianaise a fuarthas le linn dó a chumhachtaí sonracha imscrúdaitheacha a fheidhmiú?

([1]) IO 2012, L 351, lch. 1.

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landesgericht für Zivilrechtssachen Graz (an Ostair) arna taisceadh an 28 Feabhra 2022 – TLL The Longevity Labs GmbH v Optimize Health Solutions$_{mi}$ GmbH agus BM**

**(Cás C-141/22)**

(2022/C 198/37)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesgericht für Zivilrechtssachen Graz